C/2026/1835

20.3.2026

# Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/1835)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

**(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)**

**‘Saint-Nectaire’**

**Uimhir thagartha AE: PDO-FR-0132-AM01 — 23.12.2025**

1. **Ainm an táirge**

‘Saint-Nectaire’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirge talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **An t-údarás náisiúnta atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

*Ainm*

An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC ‘Saint-Nectaire’ le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint i gceist leis;

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

*Teideal*

Roinn freagrach sa Bhallstát:

*Tuairisc*

Tugadh ainm agus sonraí teagmhála roinn fhreagrach an Bhallstáit cothrom le dáta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Grúpa iarrthach

*Tuairisc*

Tugadh sonraí teagmhála an ghrúpa iarrthaigh cothrom le dáta.

Cuireadh an fhoclaíocht seo a leanas in ionad chomhdhéanamh an ghrúpa iarrthaigh:

'Comhdhéanamh: aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil baint éifeachtach aige le táirgeadh, próiseáil nó ullmhú a leagtar amach i sonraíocht an ATFC "Saint-Nectaire".'

Scriosadh an fhaisnéis maidir le stádas dlíthiúil an ghrúpa iarrthaigh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Cineál an táirge

*Tuairisc*

Rinneadh an roinn a bhaineann leis an gcineál táirge, a bhí sainithe de réir a aicme roimhe seo, a scriosadh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Críochú an limistéir gheografaigh

*Tuairisc*

Sonraíodh go bhfuil liosta na mbardas a áirítear i gcríoch an limistéir a shainítear i bpointe 4.7 den doiciméad aonair bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2025. Tugadh an liosta cothrom le dáta dá réir sin, ach ní dhearnadh aon athrú ar theorainneacha an limistéir a shainítear i bpointe 4.7 den doiciméad aonair.

Cuireadh isteach an abairt 'Is féidir breathnú ar léarscáileanna ina dtaispeántar an limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta'.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh an táirge

*Tuairisc*

Cuireadh oibleagáid isteach nach mór do tháirgeoirí dearbhú a chur faoi bhráid an ghrúpa nuair a chuirtear ainmhithe a rugadh agus/nó a tógadh lasmuigh den limistéar a shainítear i bpointe 4.7 den doiciméad aonair leis an tréad déiríochta, má tá siad incháilithe. Leis an dearbhú sin, is féidir leis an ngrúpa faireachán a dhéanamh ar na hainmhithe sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Tuairisc ar an modh táirgthe

*Tuairisc*

Cuireadh isteach an fhéidearthacht do tháirgeoirí ainmhithe a rugadh agus/nó a tógadh lasmuigh den limistéar a shainítear i bpointe 4.7 den doiciméad aonair a chur isteach, gan beann ar phór, laistigh de 3 bliana ón dáta a bhunaigh siad den chéad uair mar fheirmeoirí nó a ghlac siad seilbh ar fheirm.

Is dúshlán mór iad athnuachan ó ghlúin go glúin agus glacadh seilbhe feirme do thodhchaí earnáil 'Saint-Nectaire'. Tá sé beartaithe leis an bhforáil nua seo é a dhéanamh níos éasca do tháirgeoirí nua tréad déiríochta a chur ar bun nó feirm a thógáil ar láimh i gcás nach bhfuil an tréad atá ann cheana mór go leor chun a inmharthanacht a áirithiú. Ní mór líon mór a bheith ag na táirgeoirí sin tráth ar bith chun a ngníomhaíocht a ráthú. Ní leor an líon ainmhithe a bheirtear agus a thógtar sa limistéar a shainítear i bpointe 4.7 den doiciméad aonair atá ar fáil lena gceannach chun na riachtanais sin a chomhlíonadh.

Scriosadh na forálacha maidir le tionscnamh an tréada déiríochta ón doiciméad aonair toisc nach mbaineann siad go díreach leis na hamhábhair a úsáidtear.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Tagairtí do na comhlachtaí cigireachta

*Tuairisc*

Tugadh sonraí teagmhála na seirbhís cigireachta cothrom le dáta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Mionsonraí sonracha maidir le lipéadú

*Tuairisc*

Scriosadh an abairt 'Ní mór siombail AOP [ATFC] an Aontais Eorpaigh a bheith ar an lipéadú'. Chun tomhaltóirí a chur ar an eolas, cuireadh ráiteas ina hionad lena léirítear nach mór ainm an ATFC agus siombail ATFC an Aontais Eorpaigh a chur sa réimse radhairc céanna ar an lipéadú ar na cáiseanna, chomh maith leis na sonraí sainordaitheacha a cheanglaítear faoi na rialacha maidir le lipéadú agus cur i láthair bia-ábhar.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Ceanglais náisiúnta

*Tuairisc*

Tugadh tábla na bpríomhphointí atá le seiceáil cothrom le dáta chun an leasú ar an roinn dar teideal 'Tuairisc ar an modh táirgthe' a chur san áireamh agus chun na modhanna measúnaithe a oiriúnú de réir mar is gá i gcomhréir leis an bplean rialaithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

**Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta**

**'Saint-Nectaire'**

**Uimhir thagartha AE: PDO-FR-0132-AM01 — 23.12.2025**

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Saint-Nectaire'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Fhrainc

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0406 – Cáis agus gruth

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is cáis í 'Saint Nectaire' a dhéantar go heisiach as bainne bó binide, le taos leathchrua, brúite, neamhchócaráilte, coipthe agus saillte. Tá íosmhéid saille 45 ghram in aghaidh 100 gram de cháis atá triomaithe go hiomlán inti. Ní ceadmhach an cion ábhair thirim a bheith níos lú ná 50 g in aghaidh an 100 g de cháis aibithe.

Cuirtear i láthair í i bhfoirm sorcóra atá beagán barrchaolaithe idir 20 agus 24 cm ar trastomhas agus idir 3,5 agus 5,5 cm ar airde, agus meáchan idir 1 450 kg agus 1 950 kg aici. Is é 28 lá íostréimhse aibithe na cáise tar éis í a chur sa siléar.

Is féidir 'Saint Nectaire' a dhéanamh freisin i méid níos lú atá idir 12 agus 14 cm ar trastomhas agus idir 3,5 agus 4,5 cm ar airde, agus meáchan idir 0,500 kg agus 0,700 kg aici. Sa chás sin, laghdaítear an íostréimhse aibithe go 21 lá tar éis don cháis a bheith curtha sa siléar.

Bíonn dath an eabhair ar an taos mín, bog, a thagann faoi do lámh, agus d'fhéadfadh roinnt poill bheaga a bheith scaipthe go cothrom ar fud na cáise.

Tá craiceann ar an gcáis atá breac le múscán agus a leithéid ar an dá thaobh. Ag brath ar an leibhéal aibithe, bíonn dath bán, donn nó liath ar an múscán agus d'fhéadfadh dath an uachtair nó dath oráiste a bheith ar an gcúlra b'fhéidir le blás buí agus/nó dearg. Eisiatar cáiseanna atá bán, oráiste nó dubh go haonfhoirmeach.

Tá an blas glan, séimh, beagán goirt, gan aigéadacht iomarcach, agus tá blasanna bainniúla éagsúla (bainne úr, uachtar, im) agus blasanna a bhaineann leis an bpróiseas aibithe uirthi (siléar, mataí tuí, cré nó casarnach), a fheabhsaítear go minic le cnónna fíneálta foriomlána.

Féadfar cáiseanna a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh 'Saint-Nectaire' a chur i láthair i sciartha pacáistithe freisin, agus tá cuid de chraiceann sainiúil an ainmniúcháin ag gach píosa.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Ní mór íosmhéid 70 % de chion bliantúil iomlán na mbó déiríochta (cion bunúsach agus beatha fhorlíontach) d'ábhar tirim a bheith comhdhéanta d'fhéar ón limistéar a shainítear i bpointe 4.7.

Ní gá go dtagann an bheatha uile ón limistéar a shainítear i bpointe 4.7, toisc nach bhfágann an airde ná an aeráid gur féidir go teicniúil méideanna leordhóthanacha beatha a tháirgeadh.

Ós rud é go dtagann an chuid is mó de chion bunúsach na mbó déiríochta ón limistéar geografach, tá tionchar teoranta ag úsáid na beatha sin ó lasmuigh den limistéar ar shaintréithe an táirge arb í an timpeallacht gheografach is cúis leo go príomha.

Tá cion bunúsach na mbó déiríochta comhdhéanta go heisiach d'fhéar.

Ní mór do na ba déiríochta innilt ar feadh íostréimhse 160 lá sa bhliain. Tá toirmeasc ar gach beathú glas le linn na laethanta innilte.

Lasmuigh den tréimhse innilte, ní mór 60 % ar a laghad de chion bunúsach laethúil na mbó déiríochta a bheith san fhéar a dháiltear mar bheatha thirim ina bhfuil cion ábhair thirim os cionn 80 %, arna shloinneadh mar ábhar tirim.

Sonraíodh na hamhábhair agus na breiseáin a úsáidtear i mbeatha fhorlíontach an tréada déiríochta i liosta dearfach. Tá a n-úsáid teoranta do 1 800 kg in aghaidh na bó déiríochta agus na bliana arna ríomh mar amhábhar, cé is moite de mheadhg, dias arbhair Indiaigh agus grán buí, a ríomhtar mar ábhar tirim.

Tá cion bunúsach bliantúil na mbodóg comhdhéanta d'fhéar, nach mór 40 % ar a laghad de teacht ón limistéar a shainítear i bpointe 4.7, agus b'fhéidir tuí.

Ní údaraítear sa bheatha ainmhithe ach plandaí, seachtháirgí agus beatha chomhlántach a dhíorthaítear ó tháirgí neamh-thrasghéineacha. Tá toirmeasc ar bharra trasghéineacha a chur i ngach limistéar gabháltas ina dtáirgtear bainne atá beartaithe lena phróiseáil ina cháis ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Saint-Nectaire'. Tá feidhm ag an toirmeasc sin maidir le gach cineál planda ar dócha go dtabharfar é mar bheatha d'ainmhithe ar an bhfeirm agus maidir leis na barra uile a d'fhéadfadh plandaí den sórt sin a éilliú.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór táirgeadh bainne, cáiseoireacht agus aibiú a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

De bhreis ar an bhfaisnéis éigeantach a cheanglaítear leis na rialacha maidir le lipéadú agus cur i láthair earraí bia, ní mór an méid seo a leanas a bheith san áireamh sa réimse radhairc céanna ar lipéadú cáiseanna ar a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Saint-Nectaire':

— ainm an ainmniúcháin tionscnaimh i gcarachtair atá dhá thrian de mhéid na gcarachtar is mó ar an lipéad ar a laghad;

— lógó ATFC an Aontais Eorpaigh.

Gan beann ar na coinníollacha rialála is infheidhme maidir le gach aon cháis, tá toirmeasc ar aon aidiacht nó aon fhocal a úsáid a ghabhann leis an ainmniúchán tionscnaimh i lipéadú, fógraíocht, sonraisc agus doiciméid tráchtála, cé is moite den méid seo a leanas:

— ainmneacha branda nó trádmharcanna sonracha,

— na focail 'Tá an farae ar ár bhfeirm(feirmeacha) comhdhéanta go heisiach d'innilt agus féar tirim', 'táirgthe ó bhainne a fhaightear go hiomlán ón bpór Salers', 'táirgthe ó bhainne a fhaightear go hiomlán ón bpór Ferrandaise', 'aibithe i siléar nádúrtha', tréimhse aibithe shonrach de níos mó ná an íostréimhse 28 lá, 'aibithe ar thuí', 'aibithe ar an bhfeirm', 'aibithe ar ghiúis' agus 'aibithe ar adhmad sprúis'. In aon chás, ní fhéadfaidh an téacs a bheith níos mó ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin 'Saint-Nectaire',

— na focail 'arna tháirgeadh i ndéirí' nó aon tásc eile a thugann le fios gur de thionscnamh déiríochta é.

Léirítear ar lipéadú na gcáiseanna cé acu ó fheirm nó ó dhéirí a thagann siad.

Léirítear an tionscnamh déiríochta nó feirme i gcarachtair atá ar a laghad dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin 'Saint Nectaire'.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cumhdaítear le limistéar geografach an ainmniúcháin tionscnaimh 'Saint-Nectaire' críoch bhardais ranna Cantal agus Puy-de-Dôme.

Ní mór táirgeadh bainne agus cáiseoireacht a dhéanamh i limistéar ina gcuirtear na tosca nádúrtha agus daonna dá dtagraítear i bpointe 5 san áireamh.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

*Achoimre ar an nasc*

Tá limistéar geografach 'Saint Nectaire' suite i lár na Fraince, sa Massif Central.

Tairbhíonn táirgeadh bainne agus cáiseoireacht de na coinníollacha speisialta atá le fáil ag airde os cionn 700 m.

Tugann na gnáthghaotha ón iarthar taise shubstaintiúil chuig fánaí thiar na sléibhte bolcánacha, tugann siad taise níos lú ná sin chuig a bhfánaí thoir. Mar gheall ar an ithir bholcánach an-torthúil, tá féar i ngach áit agus tá an flóra flúirseach agus éagsúil: tím iomlán, ceadharlach buí mór, *meum athamanticum*, athair thalún, seamair alpach, etc. Tá táirgeadh foráiste bunaithe go príomha ar úsáid féarthailte buana, atá lán le plandaí bláthacha agus a chumhdaíonn 90 % ar a laghad de limistéar na ngabháltas faoi fhéar.

Tá 'Saint Nectaire' á táirgeadh i réigiún Monts Dore leis na céadta blianta. Tháinig a hainm i láthair den chéad uair sa ghastranamaíocht sa 17ú haois. Agus ainm na cáise le feiceáil in go leor foilseachán (go háirithe in 1786 agus 1787), forbraíodh táirgeadh 'Saint Nectaire' sa 19ú haois agus ansin níos mó sa 20ú haois ar fheirmeacha beaga sléibhe a choinnigh líon beag beostoic, áit ar tháinig déanamh na cáise chun bheith ina shaincheart ag mná céile na bhfeirmeoirí agus áit ar bunaíodh na scileanna táirgthe. Go traidisiúnta, is annamh a d'aibigh cáiseoirí a gcáiseanna agus thógfaidís chuig an iliomad margaí sa limistéar iad gan iad a aibiú. Is iad aibitheoirí saineolacha Puy-de-Dôme agus Cantal, a raibh na saoráidí agus an saineolas riachtanach acu, a cheannaigh na cáiseanna agus a d'aibigh iad gar do lárionaid tomhaltais. Tá an traidisiún fós ann sa lá atá inniu ann, cé go mbailítear cáiseanna neamhaibithe go díreach ag an láthair táirgthe sa lá atá inniu ann.

Aithníodh 'Saint Nectaire' mar ainmniúchán tionscnaimh le cinneadh ó chúirt Issoire in 1955.

Is iad na hacmhainní a úsáidtear chun na ba déiríochta a bheathú, ba a úsáidtear chun bainne a tháirgeadh chun 'Saint Nectaire' a dhéanamh na hacmhainní dá dtagraítear i 'Tosca nádúrtha'. Tá an cion bunúsach comhdhéanta d'fhéar amháin agus tá innilt éigeantach le linn cuid den bhliain. Tá teorainn le beatha fhorlíontach a úsáid.

Céim thábhachtach eile i dtáirgeadh 'Saint Nectaire' is ea an chéim aibithe. Tá scileanna ag na haibitheoirí atá fíor-riachtanach don chóireáil a dhéantar ar na cáiseanna. Nitear na cáiseanna roinnt uaireanta, ansin déantar iad a chuimilt agus a iompú go rialta ionas go bhforbraíonn craiceann.

Is cáis bainne bó le taos brúite neamhchócaráilte í 'Saint Nectaire'. Cuirtear i láthair í i bhfoirm sorcóra atá beagán barrchaolaithe a bhfuil trastomhas uasta 24 cm agus airde uasta 5,5 cm aici, ar méid mheasartha é i gcomparáid le cáiseanna eile de thionscnamh limistéir shléibhe. Bíonn dath bán, donn nó liath ar an múscán agus d'fhéadfadh dath an uachtair nó dath oráiste a bheith ar an gcúlra b'fhéidir le blás buí agus/nó dearg. Tá an blas glan, séimh, beagán goirt, gan aigéadacht iomarcach, agus tá blasanna bainniúla éagsúla (bainne úr, uachtar, im) agus blasanna a bhaineann leis an bpróiseas aibithe uirthi (siléar, mataí tuí, cré nó casarnach), a fheabhsaítear go minic le cnónna fíneálta foriomlána.

Comhfhreagraíonn an limistéar geografach don limistéar inar tharla na céimeanna éagsúla de tháirgeadh 'Saint Nectaire' i gcónaí. Ní mór do thosca nádúrtha áirithe, amhail airde na talún féaraigh agus an fhlóra, agus tosca daonna teacht le chéile chun an bainne a tháirgeadh agus 'Saint Nectaire' a dhéanamh.

Tá an limistéar sin ina bhfuil ithir bholcánach fabhrach d'fhéarthailte buana a bheith ann, áit a bhfuil an flóra flúirseach agus cumhraithe. Le minicíocht na báistí a thugann na gaotha ón iarthar atá i réim sa limistéar sin a bhfuil airde mhór aige, ceadaítear uisciú atá beagnach leanúnach ar an bhféarthalamh, rud a fheabhsaíonn an saibhreas. Mar thoradh ar an éagsúlacht luibheolaíoch sin, tá roinnt comhdhúile aramatacha ag na bláthanna (teirpéiní, mar shampla), a itheann na ba nuair a bheathaíonn siad ar fharae ón bhféarthalamh sin.

Leis na tosca sin, mar aon leis an saineolas táirgthe agus an chóireáil a dhéantar ar 'Saint Nectaire' le linn aibithe, cuirtear blasanna bainne éagsúla (bainne úr, uachtar, im) agus blasanna a bhaineann leis an bpróiseas aibithe (siléar, mataí tuí, cré nó casarnach) uirthi, ar blasanna iad a fheabhsaítear go minic le cnónna fíneálta foriomlána.

Ina theannta sin, leis na próisis chóireála a dhéanann na haibitheoirí ar 'Saint Nectaire', cinntear conas a fhorbróidh an múscán dromchla agus conas a athróidh sé ó thaobh datha de idir scothbhánliath agus donn oráiste.

Tá méid 'Saint Nectaire' nasctha lena stair. Go deimhin, bhí sí oiriúnach d'fheirmeacha a raibh tréada beaga acu (roinnt bó) agus do ghabháltais níos mó a d'fhéach le luach a dtáirgthe bainne measartha teoranta in am an gheimhridh a mhéadú agus ar úsáideadh a dtáirgeadh bainne níos flúirsí sa samhradh chun 'Fourme de Cantal' a dhéanamh.

**Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-77cf54d6-a0da-46f7-9e10-76f1e8d7f30c